# Bláthú!

Eagrán 17

Bealtaine 2014

**Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo,**
**Cuileán,**
**An Cheathrú Rua,**
**Co. na Gaillimhe**

**Teil.: 091 595337**
**www.comharnaionrai.ie**

## Nasc Leis an mBunscoil

Tá pacáiste maidir le nasc a chothú idir an naíonra agus na bunscoil forbartha ag CNNG i mbliana agus curtha amach chuig na seirbhísí ar fad atá ag feidhmiú faoi scáth CNNG sna réigiúin Ghaeltachta.

Is é an aidhm atá leis an tionscadal seo ná an t-aistriú ón naíonra go dtí an bunscoil a éascú do na páistí trí réamheolas ar an bhforbairt atá déanta acu sa naíonra a chur ar fáil don bhunscoil sa chaoi agus go mbeidh eolas acu ar an bpáiste sula dtosaíonn siad ar an mbunscoil.

Tá an tionscadal seo bunaithe ar mhúnla a d'fhorbair an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Líonann foireann an naíonra ceistneoir ar na hinniúlachtaí atá bainte amach ag an bpáiste fad agus a bhíonn siad sa naíonra agus cuirtear é seo ar aghaidh chuig an mbunscoil chun eolas a thabhairt don mhúinteoir maidir leis na scileanna atá forbartha ag an bpáiste go dtí seo.

Tá an nasc seo mar chuid den churaclam náisiúnta Aistear atá á chur i bhfeidhm i seirbhísí CNNG. Guíonn CNNG gach rath ar na páistí ar fad a bheidh ag déanamh an aistriú ón naíonra go dtí an bunscoile i mbliana agus tá roinnt leideanna do thuismitheoirí ar lth. 5 den eagrán seo.

## Béiríní Beaga



Páistí as Naíonra Liospóil, Co. Chiarraí

## Maigh Eo Abú!




Seo páistí as **Naíonra Thuar Mhic Éadaigh** le Corn Tommy Markham a bronnadh ar sheaimpíní Craobh Peile Mionúir Mhaigh Eo 2014 agus an trófaí a bhuaigh mionúir iománaíochta Mhaigh Eo anuraidh freisin. Tá siad ag tnúth leis an Chorn Mhic Uidhir don bhliain seo chugainn!!!

## Réalt Uladh



Seo Treasa Nic Eiteagáin (4) as **Naíonra an Tearmann** i nDún na nGall a bhain amach an 3ú áit i gcomórtas Réalt Uladh le gairid. Maith í!

# Naíonra na Fairche, An Fhairche, Co. na Gaillimhe

Is cuma faoin aimsir, cuireann páistí agus Stiúrthóirí Naíonra na Fairche a gcuid cótaí, hataí, agus buataisí orthu agus téann siad go dtí an trá, taobh amuigh sa ghairdín!

Le cabhair deontas caipitiúil An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige thóg an coiste seid taobh amuigh faoin aer, áit a bhfuil gaineamh ar an urlár atá go deas glan agus tirim an t-am ar fad.  Tá na páistí in ann siúl agus suí air díreach cosúil leis an trá.  Úsáideann siad sliogáin, clocha agus uisce sa ghaineamh chun cur leis an súgradh.

D'úsáid siad an leath eile den tseid mar chúinne baile, áit ina mbíonn siad ag cócaireacht, ag an ghruagaire, mar bhanríon i gcaisleán agus ar scoil.



Mhaisigh siad na ballaí le hobair ealaíne na bpáistí, faoileáin, eitleoga, an ghrian, scamaill agus sliogáin.  Chun cur le forbairt na bpáistí chroch siad suas clár dubh agus cláir chéadfaí ar an mballa.  Ar chúl an tseid tá áit stórála do na carranna, rothair agus tarracóirí a úsáidtear gach lá taobh amuigh freisin.

Is iontach an áis í an tseid agus tugann sí seans do na páistí a bheith go breá sláintiúil, folláin agus sona sásta faoin aer gach lá.

Tá 12 páiste ag freastal ar Naíonra na Fairche agus  is í **Máire de Carrig** an Príomh Stiúrthóir agus is í **Eilís Seoighe** atá ina cuideachta.

# Naíonra Theilinn, Teileann, Co. Dhún na nGall

Tá Naíonra Aoidh Mhic Bhricne lonnaithe i dTeileann in iardheisceart Dhún na nGall.  Bunaíodh an Naíonra sa Choláiste Gaeilge i dTeileann i 1982 le cúigear páistí.  Fuair sé a ainm ón Manach Aodh Mac Bricín a bhí ina chónaí ar Sliabh a' Liag i dTeileann sa 4ú haois agus tá an Coláiste Gaeilge ainmnithe ina dhiaidh chomh maith.

Ghlac  páistí an Naíonra páirt i bparáid na Féile Pádraig ar an Charraig  i mbliana agus cé go raibh sé fuar fliuch, bhain na páistí agus na tuismitheoirí sult as an lá.Is é an téama a bhí acu nach ceolchoirm Garth Brooks agus d'éirigh leo an dara háit a fháil sa pharáid.

Tá an fhoghlaim seo ceangailte isteach leis an gcuraclam náisiúnta Aistear, an modúl ar Fhéiniúlacht agus Muintearas. Tá na páistí ag fáil tuiscint ar fhéilte, ceiliúradh agus  glacadh páirt.

Cuireann an Naíonra seo béim mhór ar an Scéim Pleanáil Teanga "Borradh" chun cuidiú le saibhriú agus sealbhú na teanga sa Naíonra  agus de réir mar atá siad ag déanamh na ndánta agus na n-amhrán leis na páistí cuireann siad cóip abhaile chuig na tuismitheoirí.




Tá 10 bpáiste sa Naíonra faoi láthair, agus tá beirt stiúrthóir ann – An Príomh Stiúrthóir **Anna Ní Fhlannchadha**  atá ansin le fiche trí  bliain agus an Stiúrthóir **Eibhlín Ní Cheallaigh** atá ann le dhá bhliain déag.  Tá an bheirt Stiúrthóir cáilithe i FETAC Leibhéal 6 i gCúram Leanaí.

# Naíonra Anagaire, Co. Dhún na nGall

Tá Naíonra Anagaire ar an bhfód ó 1980 agus bhí sé lonnaithe i halla spóirt Scoil Náisiúnta Anagaire go dtí an bhliain 2012. Sa bhliain 2011 bhí an scoil ag cur roinnt seomraí breise leis an scoil agus thóg siad seomra úr don Naíonra agus thug siad spás dóibh ar an taobh amuigh le páirc shúgartha a dhéanamh.

D'éirigh le coiste an Naíonra deontas a fháil ó "Phobal" sa bhliain 2012 leis an seomra a chríochnú agus i Mí Meán Fhómhair 2012 rinne siad aistriú isteach sa Naíonra.

Sa bhliain 2012 rinne an coiste iarratas eile ar dheontas ó "Phobal" leis an pháirc shúgartha a dhéanamh agus d'éirigh leo. Tá áiseanna den scoth ag an Naíonra anois agus tá na Stiúrthóirí, an coiste agus na páistí sona sásta. Tá Stiúrthóirí agus coiste an Naíonra fíor bhuíoch do Phríomh Oide na scoile as an seomra agus as an spás taobh amuigh.

Tá an curaclam Loinnir, a d'fhorbair CNNG go sonrach don réimse seo, i bhfeidhm sa Naíonra ar mhaithe le freastal a dhéanamh ar fhorbairt iomlán an pháiste. Tá an Phlean Teanga "Borradh", an curaclam Aistear agus an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas an Luath-Óige, Síolta, á gcur i bhfeidhm sa Naíonra chomh maith.

I measc na ngníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl ag na páistí tá: súgradh taobh amuigh, cúinne gníomhaíochtaí, rannta, amhráin agus scéalta, gníomhaíochtaí fhisiceacha, cruthaíocht agus am ciúin le scíth a ligint.

Is í **Máirín Ní Dhuibheannaí** an Príomh Stiúrthóir, **Méabha Ní Giolla Easbuig** an Stiúrthóir agus **Tracey Ní Ghallchóir** an Cúntóir.



**Páistí Naíonra Anagaire agus iad ag obair go dícheallach sa ghairdín i dteannta na Stiúrthóirí.**

**Seanfhocal:** Mura gcuirtear san Earrach ní bhainfear san Fhómhar!

## Cuairteoir Beag ag Naíonra Mhaigh Cuilinn!



Bhí fíor-áthas ar pháistí Naíonra Mhaigh Cuilinn i gCo. na Gaillimhe nuair a tháinig feirmeoir áitiúil isteach le huan beag dubh a bhí tar éis teacht ar an saol. Nach álainn é!

## Ag an trá...



Páistí as Naíonra Cheann Trá i gCo. Chiarraí ag féachaint ar dheilf a tháinig i dtír ar an trá ansin. Nach iad atá gléasta go breá ina seaicéid shofheicthe.

# Naíonra Chill Chiaráin, Cill Chiaráin, Co. na Gaillimhe

Bhí dea-scéal ag an stiúrthóir do na gasúir maidin Dé Mairt nuair a tháinig siad isteach sa Naíonra. Tá capall sa ngarraí in aice an naíonra le cúpla seachtain agus bhí fhios ag na stiúrthóirí go raibh sí ag súil le searrach. Bhí searrach aici tráthnóna Dé Sathairn an 3 Bealtaine. Searrach fireann atá ann, tá dath donn agus spota bán ar a bhaithis.

Chuaigh na páistí agus na stiúrthóirí amach le féachaint ar an gcapall agus ar an searrach. Chonaic siad an searrach ag diúl ar an gcapall. Chuaigh siad chun cainte leis an úinéir le níos mó eolas a fháil amach. Tá an capall 23 bliain d'aois, agus is mianach de chapaillín Conamara atá inti. *Inisfree* an t-ainm atá uirthi. Bíonn capall ag súil le searrach ó aon mhí dhéag suas go bliain. Itheann an capall féar agus is breá leo torthaí freisin.

Tá an capall an-chosantach ar an searrach ar nós aon mháthair agus ní féidir dul ró-ghar dóibh

Nuair a bheidh an searrach cúpla seachtain d'aois beidh ar an úinéir fuil a thógáil chun a chinntiú gur mianach de Chapaillín Conamara atá inti. Cuirfear microchip ina mhuineál agus gheobhaidh an searrach leabhar glas díreach nós pas. Caladh Mháinse Mark atá baistí ar an searrach nua.

Is iontach go deo go bhfuil an deis ag na páistí rud mar seo a fheiceáil. Tá saibhriú teanga i gceist dóibh chomh maith le ceann d'aidhmeanna agus spriocanna foghlama Aistear , Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht.

Is í **Margaret Uí Laoi** atá in Príomh Stiúrthóir agus **Barbara Uí Dhonnacha** atá ina Stiúrthóir.



# Ag caint faoin timpeallacht...Naíonra Ráth Chairn



**Tháinig Cathleen Kenny chun labhairt le páistí as Naíonra Ráth Chairn, Co. na Mí faoi ainmhithe, crainn agus an timpeallacht. Mar is léir ón bpictiúir seo bhain siad an-sásamh as.**



**Tháinig foireann Choláiste Gobnatan ar cuairt chuig Naíonra Bhaile Bhuirne, Co. Chorcaí le Corn Craobh na hÉireann agus Corn na Mumhan**



**Páistí as Naíonra an Daingin, Co. Chiarraí agus iad i mbun potadóireachta sa Naíonra Nach acu a bhí an spraoi agus rudaí deasa déanta acu freisin.**

# Ag fáil do pháiste réidh don scoil

Is céim mhór í an t-aistriú ón Naíonra go dtí an scoil don pháiste. Seo cúpla moladh maidir le cabhrú le do pháiste fáil réidh don scoil:

- Faigh amach an bhfuil an togra Nasc Leis an mBunscoil i bhfeidhm i do naíonra agus cén chúnamh a thabharfaidh sé seo don pháiste an t-aistriú seo a dhéanamh.
- Labhair go dearfach leis an bpáiste faoin scoil. Bíonn taithí éagsúla ag tuismitheoirí maidir leis an scoil ach tá sé tábhachtach an taobh dearfach a thabhairt don pháiste.
- Tabhair cuairt ar an scoil nuair a bhíonn lá oscailte acu do na tuismitheoirí. Bíodh fhios agat cén seomra a mbeidh do pháiste ann i Meán Fómhair agus cas leis an múinteoir a bheas ag an bpáiste sa chaoi agus go mbeidh a fhios acu roimh ré cé a bheas á múineadh.
- Labhair faoin scoil mar áit a gcasfar cairde nua orthu agus a mbeidh siad ag déanamh rudaí spéisiúla
- Bíodh éide scoile, leabhair, málaí etc. faighte luath sa samhradh sa chaoi agus nach mbeidh aon strus gar don am.

**Ar an gcéad lá:**

- Déan cinnte go bhfuil na héide scoile, bróga, mála agus gach rud réidh an oíche roimhe.
- Bíodh bricfeasta maith acu - teastaíonn fuinneamh don scoil.
- Bíodh ainm an pháiste ar gach rud a bhaineann leo. Tabharfaidh sé seo muinín dóibh a gcuid rudaí féin a aithint
- Bíodh lón sláintiúil agus sneaic (más gá) i mbosca lóin atá éasca le hoscailt.
- Tug neart ama duit féin sa chaoi nach mbeidh tú ag deifriú agus ag cur strus ort féin.
- Tabhair an páiste chomh fada leis an seomra ranga agus taispeáin dóibh cá gcuireann siad a gcóta agus a mála.
- Pioc suas in am iad sa chaoi agus nach mbeidh siad trína chéile ag ceapadh go bhfuil dearmad déanta orthu. Cuimhnigh gur athrú mór é seo dóibh agus teastaíonn dearbhú uathu go bhfuil siad ábalta dó seo.

# Na Stiúrthóirí i mbun oiliúna



Stiúrthóirí Naíonra as Cúige Mumhan i mbun cúrsa garchabhrach i mBaile Bhuirne le gairid.



Stiúrthóirí ag Maigh Eo i mbun lá inseirbhíse Aireachais le gairid.



Stiúrthóirí Naíonra as Co. na Mí i mbun an chúrsa Síolta.

# Ról imirt sa Naíonra



Páistí as Naíonra Cheann Trá i gCiarraí i mbun ról imeartha agus iad an-dáiríre faoi!

# Imeachtaí na Féile Pádraig




Naíonra an Fháil Charraigh, Co. Dhún na nGall



Naíonra an Leitriúigh, Co. Chiarraí




Ionad Cúram Leanaí Ráth Chairn, Co. na Mí



Naíonra Bhaile Bhuirne, Co. Chorcaí



Naíonra Chill na Martra, Co. Chorcaí ag glacadh páirt i mórshiúl Lá 'le Lachtain

# CEACHT AN tSÉASÚIR

**Ábhar:**

Mála páipéir donn, caonach triomaithe, féar feoite, cipíní, eidhneán, páipéir sracaithe, beagán olann caorach, cleití boga, sean taos.

**Treoracha:**

- Fill an mála páipéir donn go hiomlán ionas go bhfuil cuma cosúil le nead air.
- Cabhraigh leis an bpáiste ciorcal a dhéanamh as an eidhneán agus cuir isteach sa mhála donn é.
- Líneáil an nead le caonach, féar agus cipíní.
- Déan poll beag sa lár.
- Cuir an olann, na cleití, agus an páipéar sracaithe i lár an nead mar leaba do na héin.
- Déan trí nó ceithre uibhe as an taos agus lig don pháiste iad a chuir sa nead.

**Spriocanna Foghlama:**

- Siúlóid dúlra chun na hábhair a bhailiú.
- Foghlaim faoi thimthriall na n-éan.
- Foghlaim faoi athchúrsáil.



*Buíochas le Naíonra an Leitriúigh as an ngníomhaíocht seo.*

# Bláthú!